# Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
# Ráiteas Cosaint Leanaí
# 2023/2025

| Rialú Leaganacha | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Leagan** | **Dáta** | **Nádúr an athraithe** | **Údar** | **Ceadaithe ag** |
| 1.1 | 03/10/2019 | Athbhreithniú Bliantúil 2019 | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |
| 1.2 | 02/03/2020 | Athbhreithniú 2020 | Michelle O'Toole | Brendan McNicholas |
| 1.3 | 10/04/2020 | Breathnú ag an Roinn Dlí. | Michelle O'Toole | Dennis Keeley |
| 1.4 | 01/07/2022 | Athbhreithniú 2022 | Rachael Lee | Brendan McNicholas |
| 1.5 | 02/08/2022 | Tuairimí CCBÁC CSC | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |
| 2.1 | 01/09/2022 | Túsla RF/CSSCU/005 | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |
| 2.2 | 01/11/2022 | Túsla RF/CSSCU/005 | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |

Feidhmíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Seirbhís Dóiteáin, Tarrthála agus Otharchairr a fhreagraíonn do thart ar 130,000 teagmhas gach bliain laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a fhreastalaíonn ar dhaonra neamhbhuan de thart ar 2 mhilliún duine. Bainistíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Ionad Cumarsáide an Réigiúin Thoir freisin, a phróiseálann breis is 200,000 glao 999/112 ar sheirbhísí dóiteáin i seacht gcontae déag, agus glaonna ar sheirbhísí leighis éigeandála i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tá Ceanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ag 165-169 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2 (Eircode D02 RY99).

De bharr nádúr na n-éigeandálaí, lena n-áirítear dóiteáin *inter alia*, tarrthálacha, teagmhais leighis agus glaonna gutháin, féadfaidh foireann Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath seirbhísí a sholáthar go díreach do leanaí, uaireanta gan duine fásta a bhfuil aithne ag an leanbh air a bheith i láthair. Éascaíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath cuairteanna ar stáisiúin dóiteáin, tá clár na hIdirbhliana agus clár cuairteanna ar scoileanna agus imeachtaí pobail aici. Aithnímid an tarraingt a mheallann fearais dóiteáin agus otharcharr agus iad le feiceáil sa phobal.

I gcomhréir le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, agus Treoir Túsla maidir le Ráitis um Chosaint Leanaí a ullmhú, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo aontaithe ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

1 Tá Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Cosaint Leanaí 2019 de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath glactha ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, agus cuirfidh sí i bhfeidhm go hiomlán agus gan mhionathrú, mar chuid den Ráiteas foriomlán seo um Chosaint Leanaí. Is í **Máire Ní Chuinn (01 2226173 nó mary.quinn@dublincity.ie)** an tOifigeach um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta i mBaol ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

2 **Is í Rachel Nic an Lia an Comhordaitheoir um Chosaint Leanaí** do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. dfbchildsafeguarding@dublincity.ie. Tá roinnt pearsanra de chuid Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath oilte go dtí an caighdeán Teagmhálaí Ainmnithe. Tá sonraí teagmhála an phearsanra seo ar fáil ar iarratas.

3 Aithníonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath go bhfuil cosaint agus leas leanaí ar fud gach gné den saol práinnfhreagairt agus mar sin ní mór iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Cloífidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis na prionsabail dea-chleachtais seo a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí:
Déanfaidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath:

3.1 A aithint go bhfuil cosaint agus leas leanaí ríthábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile.

3.2 Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí, lena n-áirítear Tuairisciú faoi Shainordú.

3.3 Tiomantas do chomhoibriú iomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí, beag beann ar aon oibleagáidí dlíthiúla.

3.4 Cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ón ngá le rioscaí nach bhfuil gá leo a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil oscailte do líomhaintí mí-úsáide nó faillí.

3.5 Cleachtas oscailteachta agus measa a fhorbairt le tuismitheoirí, nuair is féidir, ag aithint nach mór sábháilteacht an linbh agus na mball foirne araon a chur san áireamh.

3.6 Meas iomlán a thabhairt ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí, trí phearsanra ábhartha a chur ar an eolas ar bhonn riachtanas amháin m.sh. An Garda Síochána, Túsla, foireann an Rannóg Éigeandála agus Teagmhálaí Ainmnithe laistigh de BDBÁC/CCBÁC.

3.7 Gach nochtadh mí-úsáide a ghlacadh dáiríre (lena n-áirítear nochtadh iarghabhálach), ag tuairisciú imní os cionn na tairsí dochair do Túsla, ag baint úsáide as an bhfoirm chuí.

4 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

4.1 Maidir le haon bhall foirne atá ina ábhar d'aon imscrúdú (cibé a gcuirtear síos air) maidir le haon ghníomh, easnamh nó imthosca i leith linbh atá faoinár gcúram, cloíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i treoirlínte Tús Áite do Leanaí agus na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus d'Fhoireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar atá leagtha amach i mBeartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Leanaí a Chosaint 2019.

4.2 Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus leis an dualgas treorach cúraim níos leithne atá leagtha amach i gciorcláin ábhartha ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

4.3 Maidir le soláthar faisnéise agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, don fhoireann maidir le sainaithint an díobhála a tharla (mar atá sainmhínithe san Acht 2015), Tá Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

- Cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a sholáthar do gach ball foirne
- Cinntíonn sé go bhfaigheann an fhoireann túslíne oiliúint ábhartha maidir le leas leanaí.
- Spreagann sé na baill go léir chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha breisoiliúna agus uasoiliúint gach dhá bhliain.
- Coinnítear taifid, ag Ionad Oiliúna Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, ar oiliúint na foirne ar fad.
- Tá pacáiste faisnéise scaipthe aige ar gach ionaid oibre BDBÁC ina bhfuil an reachtaíocht ábhartha agus na doiciméid treorach maidir le cosaint leanaí.

**4.4** I mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath is í **Máire Ní Chuinn (01 2226173 nó mary.quinn@dublincity.ie)** an 'duine iomchuí' (mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) atá ina hOifigeach um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta i mBaol i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is í an chéad phointe teagmhála í maidir leis an ráiteas um chosaint leanaí seo.

4.5 Is 'Daoine Sainordaithe' iad gach Teicneoir Éigeandála Leighis, Paraimhíochaineoirí agus Ard-Pharaimhíochaineoirí, atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil agus atá fostaithe ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath tiomanta do thacaíocht iomlán a thabhairt dár nDaoine Sainordaithe le aon imní maidir le leas leanaí a thuairisciú do Túsla beag beann ar aon dualgas dlíthiúil.

4.6 Déantar athbhreithniú gach bliain ar liosta de dhaoine sainordaithe.

4.7 Tá tuairisciú déach ag teastáil chuig Túsla agus chuig an nGarda Síochána i gcúinsí áirithe. Leagtar amach na cionta sonracha seo i Sceideal 1, Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis ar Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a choinneáil siar) 2012.

4.7 De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnú riosca déanta ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar aon fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn ár ndualgas. Tá liosta de na príomhrioscaí a aithníodh le nósanna imeachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath chun na rioscaí sin a bhainistiú iarcheangailte leis an ráiteas seo. Tá measúnú riosca tánaisteach níos mionsonraithe ar fáil ar iarratas.

4.8 Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí DubNet (Ceantar Príobháideach Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath) nó is féidir iad a chur ar fáil ar iarratas ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

**Nóta:** Níl an méid thuas ceaptha mar liosta uileghabhálach.

5 Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí ar 09/01/2023. Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomhanna gréasáin príobháideacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus cuireadh cóip ar fáil do gach ball de phearsanra Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Tá sé inrochtana go héasca ag gach stáisiún oibre BDBÁC. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Túsla agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige má iarrtar sin.

6 Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí gach dhá bhliain nó chomh luath agus is féidir tar éis athruithe ábhartha ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo. Tá an chéad athbhreithniú eile le déanamh faoin 09/01/2025.

Sínithe:



Príomhfheidhmeannach
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Dáta: 09/01/2023

Sínithe:



Príomhoifigeach Dóiteáin
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

Dáta: 09/01/2023

**Liosta de na príomhrioscaí a aithníodh agus nósanna imeachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath chun na rioscaí sin a bhainistiú.**

| | **Riosca aitheanta** | **Nósanna imeachta BDBÁC chun na rioscaí sin a bhair** |
|---|---|---|
| 1 | Baol díobhála/mí-úsáide i leith leanaí ó bhaill BDBÁC | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Cód Iompair BDBÁC/CCBÁC<br>Traenáil ar Chosaint Leanaí<br>Pearsanra breise a iarraidh m.sh. Foireann dóiteáin/Gardaí mura rud é gur éigeandáil é<br>Ceamaraí in Otharchairr (Beartas Taifeadta BDBÁC)<br>A chinntiú go bhfuil duine fásta/ball foirne eile i láthair nuair is féidir<br>Gan daoine fásta neamhúdaraithe a bheith i láthair<br>Maoirseacht chuí a chinntiú<br>Nósanna imeachta chun déileáil le líomhain mhí-úsáide a dhéantar i gcoinne fostaí<br>Beartas um Chosaint Leanaí BDBÁC |
| 2 | Riosca díobhála/mí-úsáide i leith lean daoine nach conraitheoirí BDBÁC iad, cuairteoirí agus daoine randamach a go dtí an stáisiún | Gan daoine fásta neamhúdaraithe a bheith i láthair<br>Gach cuairteoir cláraithe i Leabhar na gCuairteoirí<br>Cuairteoirí agus Conraitheoirí ar an eolas faoi Bheartas um Chosaint Leanaí BDBÁC |
| 3 | Riosca díobhála/mí-úsáide i leith leanaí ó leanaí eile | Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Cóimheas cuí Daoine Fásta go dtí Leanaí a chinntiú |
| 4 | Neamhábaltacht comharthaí dochair/mí-úsáide a aithint do leanaí | Oiliúint ar Chosaint Leanaí<br>Ábhar Oideachais ar fáil sna ionaid oibre<br>Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil le haghaidh tacaíocht agus comhairle |
| 5 | Teip ar imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú go pras agus i gceart | Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Tacaíocht chun comhthuarascáil a dhéanamh leis an Teagmhálaí Ainmnithe<br>Tuiscint go bhféadfadh nósanna imeachta araíonachta agus fiosrúcháin um inniúlacht chun cleachtadh a bheith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh |
| 6 | Easpa Feasachta ar ról agus freagrach Duine Sainordaithe | Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaine<br>Meamraim Eagrúcháin<br>Ábhar Oideachais ar fáil sna ionaid oibre |
| 7 | Foréigean/ionsaí tar éis cás tuairiscithe sainordaithe | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaine |
| 8 | Táscairí drochúsáide a thabhairt faoi deara nuair is tuismitheoirí iad na daoine a d'fhéadfadh a bheith ina drochídeoir | Oiliúint ar Chosaint Leanaí gach 2 bhliain<br>Ábhar oideachais ar fáil sna ionaid oibre<br>Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil le haghaidh tacaíocht agus comhairle |
| 9 | Frithghníomhartha ró-díograiseach i leith comharthú nó nochtadh díobhála/mí-úsáide | Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaine, lena n-áirítear oiliúint i scileanna idirphearsanta<br>Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil le haghaidh tacaíocht agus comhairle |

| | | |
|---|---|---|
| 10 | Teagmháil le leanaí ar na meáin shóisialta lena n-áirítear pictiúirí a thógáil de leanaí | Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaine<br>Cloí le Beartas Meán Sóisialta CCBÁC |

NB: Tá measúnú riosca tánaisteach níos mionsonraithe ar fáil ar iarratas.